

AN PÁGÁNACH I NGORUMNA

Bhí págánach i nGorumna gan aon chroidhe. Bhí go leor fear ag obair aige. Dubhairt na fir leis an bpágánach oidhche Shamhna, nach rabhadar a gul ag obair, i mbárach, lá Naomh a Domhain.

Dubhairt seisean go ngabhfadh. Dubhairt siadsan nach ngabhfadh go mbadh é lá Naomh a Domhain a bhí le bheith ann agus go mbadh é sin an t-úghdar agus nach ndéanfadh said aon bhuille.

“Féadfaidh sibh”, adeir an págánach go dtí an chéad lá eile.

Tháinig lá fhéile Mártan agus dubhairt na fir nach ngabhfaidhís ag obair agus dubhairt an págánach leob mara dtéigheadh go bhféadfadh siad fanacht ag baile. Mar sin fhéin b'éigean dóibh a theacht ag an obair, agus i gcionn tamall den lá tháinig múr mór millteach arís thiomuigh an lá. “Tá a mhuan anois déanta ag Mártán”, adeir an Pioróideach “agus déanaidh sé a chac anois”.

Dhubh an lá agus phléasg plump toirníge. Bhíodar ar thaobh an fhasgadh den aill arís, chuaidh an tóirneacht isteach tríd an méid sin daoine gur mharbhuigh sí an pioróideach lom láireach an pointe céadna.

Bhí fear ina sheasamh ann a bhí ag obair é fhéin leis an gcapall agus an chart. Bhí an t-srian ina láimh aige. Dóghadh an tsrian den chapall go dtí an méid di a bhí ina láimh ag a' bhfear, mar níl sé ceart, creidim, rotha a chasadh lá fhéile Mártán.

Sgoilteadh an aill agus tá sí le feicéal go dtí an lá indiu.

Fágtar an fhuil ar an bhfardoras go n-imthigheann sí féin agus ar an mbaithis.

Leanann mí-adh an duine nach ngéileann do Mhártan.

Ní chuala mé go n-ofráltar rud ar bith eile i n-onoir do Mhártan ach an fhuil do tharraingt.

Coileach Mártain a chiala mise.

Níl aon tobar do Mhártan sa gceanntar.

Margadh éinlaithe fá Fhéile Mártain.

Bhíodh margadh géabhaidh is cearc is coileach i gClár Cloinne Mhuiris i dtús Mhí Shamhna roimh fhéile Mártan i gan aon mhargadh eanlaithe eile go Nodlaig. An chéad ghé do Mhártan.